Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**10942/20**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0257(NLE)**

**TRANS 404**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 566 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 566 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 566 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2020
COM(2020) 566 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus**

# PRÓTACAL
# MAIDIR LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE hIOMPAR IDIRNÁISIÚNTA ÓCÁIDEACH
# PAISINÉIRÍ DE CHÓISTE AGUS DE BHUS (COMHAONTÚ INTERBUS) MAIDIR LE hIOMPAR TRÁTHRIALTA IDIRNÁISIÚNTA AGUS IOMPAR TRÁTHRIALTA SPEISIALTA PAISINÉIRÍ DE CHÓISTE AGUS DE BHUS

TÁ NA PÁIRTITHE CONARTHACHA,,

Ag féachaint don mhian iompar idirnáisiúnta paisinéirí san Eoraip a fhorbairt agus a chur chun cinn a thuilleadh agus eagrú agus feidhmiú an iompair sin a éascú,

Ag féachaint don tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis an turasóireacht agus don mhian malartú cultúrtha a chur chun cinn a thuilleadh i measc na bPáirtithe Conarthacha sa Phrótacal sin,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus)[1], mar a leasaíodh ina dhiaidh sin, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003[2],

Ag féachaint don mhian raon feidhme na seirbhísí iompair atá i gComhaontú Interbus a leathnú chun seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta a chumhdach faoi réir coinníollacha áirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart raon feidhme Chomhaontú Interbus a mhéadú trí bhíthin forálacha lena mbunaítear nósanna imeachta le haghaidh seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta atá faoi réir údaraithe.

(2) Ba cheart don Phrótacal sin, ina bhfuil forálacha den chineál sin, a bheith ar oscailt le haghaidh aontachas na bPáirtithe Conarthacha do Chomhaontú Interbus.

(3) Cé is moite de shocruithe comhpháirtíochta, san am i láthair, níor cheart feidhm a bheith ag léirscaoileadh seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta atá faoi réir údaraithe ach amháin i leith seirbhísí a bhfuil tionscnamh nó ceann scríbe acu i bPáirtí Conarthach bunaíochta an oibreora iompair de bhóthar, an áit ina bhfuil feithiclí an oibreora cláraithe.

(4) Cé gur cheart an deis atá ag oibreoirí atá bunaithe i bPáirtí Conarthach eile a eisiamh, is é sin deis seirbhísí tráthrialta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a bhfuil a bpointe tionscnaimh agus a gceann scríbe acu laistigh den Pháirtí Conarthach céanna, ba cheart cead a bheith ag na hoibreoirí iompair sin paisinéirí a bhailiú nó a scaoileadh amach ag pointí stad réamhshocraithe mar chuid de sheirbhís sa mhéid nach n-iompróidh siad paisinéirí idir dhá stad laistigh de Pháirtí Conarthach amháin nach é an Páirtí Conarthach é ina bhfuil sé bunaithe.

(5) An prionsabal maidir le neamh-idirdhealú ar fhorais náisiúntachta nó áit bhunaíochta an oibreora iompair, agus ar fhorais thionscnaimh nó chinn scríbe an chóiste agus an bhus, ba cheart go mbeadh feidhm aige mar chuid bhunúsach amháin de sholáthar seirbhísí idirnáisiúnta iompair paisinéirí de bhóthar.

(6) Chun nósanna imeachta a éascú agus a shimpliú, is gá foráil a dhéanamh maidir le leaganacha aonfhoirmeacha den fhoirm iarratais agus den údarú le haghaidh seirbhísí

[1] IO L 321, 26.11.2002, lch. 13.
[2] IO L 321, 26.11.2002, lch. 44.

tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta idirnáisiúnta. Na doiciméid a fhónann mar cheanglais rialaithe agus a choinnítear san fheithicle agus a thaispeántar d'oifigeach cigireachta údaraithe, ar a iarraidh sin uaidh, i gcomhréir leis an bPrótacal seo, ba cheart sin a shainiú chun léirmhínithe éagsúla a sheachaint.

(7) Leis an údarú le haghaidh seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta iompair paisinéirí de bhóthar arna fhormheas ag údaráis inniúla gach Páirtí Conarthach ábhartha nó Ballstáit an Aontais ina bhfuil pointe tionscnaimh agus ceann scríbe na seirbhíse agus na Páirtithe Conarthacha nó na Ballstáit atá ar an mbealach, i gcomhréir leis an "nós imeachta um údarú" agus arna dheonú ag an údarás um údarú sa tír tionscnaimh nó cinn scríbe na seirbhíse, leis an údarú sin, ba cheart go gceadófaí don oibreoir is iarratasóir an tseirbhís a dhéanamh idir an tír tionscnaimh agus ceann scríbe an bhealaigh, is é sin oibreoir atá bunaithe i bPáirtí Conarthach tionscnaimh nó cinn scríbe na seirbhíse nó don oibreoir atá bunaithe i bPáirtí Conarthach tionscnaimh nó cinn scríbe agus ar cuireadh na hoibreoirí eile ar a iontaoibh chun na gcríoch sin nó i gcás comhpháirtíochta nó grúpaí. Ba cheart an t-údarú seo a bheith ina aon údarú amháin is gá chun an tseirbhís a chur i gcrích. Níor cheart go mbeadh gá le haon údaruithe ar leith chun na Páirtithe Conarthacha , ná Ballstáit an Aontais ná a gcuid teorainneacha a thrasnú, mar chuid den tseirbhís, gan beann ar cibé acu an mbailítear paisinéirí nó an scaoiltear amach iad sa Pháirtí Conarthach nó i mBallstát an Aontais ar an mbealach.

(8) Faoi réir coinníollacha áirithe, ba cheart cead a bheith ag Páirtí Conarthach nó ag Ballstát de chuid an Aontais a chinneadh gur cheart go mbeadh seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a bhfuil pointe tionscnaimh nó ceann scríbe ina gcríocha, ba cheart do na seirbhísí sin a bheith faoi réir socruithe chomhpháirtíochta idir oibreoirí thionscnaimh agus chinn scríbe na seirbhíse sin. Maidir le hoibreoirí atá bunaithe sna Páirtithe Conarthacha nó i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a dtrasnaíonn an tseirbhís a gcríocha agus a bhailíonn paisinéirí agus a scaoileann amach iad, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag na hoibreoirí sin páirt a ghlacadh sna comhpháirtíochtaí sin.

(9) Is iomchuí Comhchoiste a bhunú chun an Prótacal seo a bhainistiú chun forfheidhmiú cuí agus aonfhoirmeach a áirithiú agus chun na hIarscríbhinní a oiriúnú chun an dul chun cinn teicniúil agus reachtach a léiriú.

(10) Is gá go gcuirfidh na Páirtithe Conarthacha bearta sóisialta aonfhoirmeacha i bhfeidhm maidir le hobair criúnna busanna agus cóistí atá ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar, á rialú ag na rialacha a chumhdaítear i gComhaontú Interbus, ar cheart tagairt a dhéanamh dó sa Phrótacal sin.

(11) Ba cheart na coinníollacha faoina ndéantar seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta a chur i gcrích a bheith faoi rialú leis na rialacha a chumhdaítear i gComhaontú Interbus, ar cheart tagairt a dhéanamh dó sa Phrótacal sin, faoi réir rialacha sonracha, mar a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal sin.

(12) Maidir le comhchuibhiú na gcoinníollacha teicniúla a bhfuil feidhm acu maidir le busanna agus cóistí atá i mbun seirbhísí idirnáisiúnta idir Páirtithe Conarthacha, ba cheart an comhchuibhiú sin a bheith á rialú ag na rialacha a chumhdaítear i gComhaontú Interbus, ar

cheart tagairt a dhéanamh dó sa Phrótacal sin, mar a shonraítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin,

TAR ÉIS CINNEADH rialacha aonfhoirmeacha a bhunú le haghaidh iompar táthrialta idirnáisiúnta agus iompar táthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, agus

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

# ROINN I

## RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

1. Beidh feidhm ag an bPrótacal maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) iompar idirnáisiúnta paisinéirí, de náisiúntacht ar bith, de bhóthar trí bhíthin seirbhísí táthrialta agus seirbhísí táthrialta speisialta de chóiste agus de bhus:

(i) idir críocha dhá Pháirtí Chonarthacha, agus, i gcas inar gá le linn na seirbhísí sin, ag trasnú chríocha Pháirtí Chonarthaigh eile nó críocha Stáit nach Stát Conarthach é;

(ii) nuair is oibreoir iompair amháin nó níos mó atá á dhéanamh, ar fruiliú nó ar luaíocht, atá bunaithe i bPáirtí Conarthach tionscnaimh nó cinn scríbe na seirbhíse agus, i gcas comhpháirtíochta, freisin oibreoir amháin nó níos mó atá bunaithe i bPáirtithe Conarthacha nó i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a dtrasnaíonn an tseirbhís agus a bhailíonn paisinéirí agus a scaoileann amach iad, má chinneann siad amhlaidh, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus a bhfuil ceadúnas ina seilbh acu chun paisinéirí a iompar trí bhíthin seirbhísí táthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí táthrialta speisialta de chóiste agus de bhus;

(iii) ag baint úsáide as busanna agus cóistí atá cláraithe sa Pháirtí Conarthach ina bhfuil an t-oibreoir iompair bunaithe.

(b) turais neamhualaithe a dhéanann na busanna agus na gcóistí a bhaineann leis na seirbhísí sin.

2. Ní fhéadfar aon cheann d'fhorálacha an Phrótacail seo a léirmhíniú mar fhoráil lena bhféadfadh oibreoirí atá bunaithe i bPáirtí Conarthach eile (cabatáiste) seirbhísí táthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí táthrialta speisialta a oibriú, seirbhísí a bhfuil an áit tionscnaimh agus an ceann scríbe sa Pháirtí Conarthach céanna.

3. I gcomhréir le mír 1 agus faoi réir mhír 2, i gcás ina bhfuil an t-iompar ina chuid de sheirbhís chuig an gcríoch nó ón gcríoch ina bhfuil an t-oibreoir iompair bunaithe, féadfar paisinéirí a bhailiú nó a scaoileadh amach i gcríoch aon Pháirtí Chonarthaigh ar an mbealach a údaróidh stad ina gcríoch.

4. Níl feidhm ag an bPrótacal maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) úsáid busanna agus cóistí, atá ceaptha paisinéirí a iompar, chun earraí a iompar chun críocha tráchtála;

(b) seirbhísí féinchuntais.

*Airteagal 2*

**Neamh-idirdhealú**

Áiritheoidh Páirtithe Conarthacha go mbeidh feidhm ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta nó áit bhunaíochta an oibreora iompair, agus ar fhorais thír tionscnaimh nó cinn scríbe an chóiste agus an bhus agus na seirbhíse a sholáthraítear ar an bPrótacal sin.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Phrótacail sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 3 de Chomhaontú Interbus.

2. Gan dochar do mhír 1, chun críocha an Phrótacail sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe breise seo a leanas:

(a) Ciallaíonn "Comhaontú Interbus" an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus[3], a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003[4], mar a leasaíodh ina dhiaidh sin;

(b) Ciallaíonn "comhpháirtíocht" aon chomhaontú nó socrú conarthach eile de chineál ar bith lena leagtar amach go ngeallfaidh na páirtithe a bhaineann leis, ar a dtugtar comhpháirtithe, go gcomhoibreoidh siad maidir leis an tseirbhís a sholáthrófar;

(c) ciallaíonn "gnóthas comhlachaithe" gnóthas ina mbeidh gnóthas amháin nó níos mó (an máthairghnóthas nó na máthairghnóthais) leas rannpháirteachais, agus a mbeidh tionchar suntasach ar a mbeartais oibriúcháin agus a mbeartais airgeadais ag an ngnóthas eile nó ag na gnóthais eile sin;

(d) ciallaíonn "grúpa" aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) gnóthas comhlachaithe amháin nó níos mó agus a máthairghnóthas nó a máthairghnóthais,

(ii) gnóthas comhlachaithe amháin nó níos mó a bhfuil an máthairghnóthas céanna acu.

## ROINN II

### COINNÍOLLACHA A bhFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LE hOIBREOIRÍ IOMPAIR PAISINÉIRÍ DE BHÓTHAR

*Airteagal 4*

Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha na forálacha i bhfeidhm dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1.

---

[3] IO L 321, 26.11.2002, lch. 13.

[4] IO L 321, 26.11.2002, lch. 44.

## ROINN III

### COINNÍOLLACHA TEICNIÚLA A BHFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LE FEITHICLÍ

*Airteagal 5*

Na busanna agus na cóistí a úsáidtear chun na seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a chur i gcrích, seirbhísí a chumhdaítear leis an bPrótacal sin, comhlíonfaidh na busanna agus na cóistí sin na caighdeáin theicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn 2.

## ROINN IV

### ROCHTAIN AR AN MARGADH

*Airteagal 6*

**Seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta faoi réir údaraithe**

1. Beidh seirbhísí tráthrialta ar oscailt do chách ach faoi réir forchoimeádta i gcás inarb iomchuí.

2. Beidh seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta faoi réir údarú i gcomhréir le Roinn VI.

3. Coigeartú ar bith a dhéantar ar dálaí oibríochta na seirbhíse, ní dhéanfaidh sé aon difear do chineál tráthrialta na seirbhíse.

4. Eagrúchán seirbhísí comhthreomhara nó sealadacha a dhéanfaidh freastal ar an bpobal céanna agus a dhéanann na seirbhísí tráthrialta atá ann, an neamhfhreastal ar stadanna áirithe agus an freastal ar stadanna breise ar sheirbhísí tráthrialta atá ann, rialófar an t-eagrúchán sin de réir na rialacha céanna leis na rialacha is infheidhme maidir leis na seirbhísí tráthrialta atá ann.

5. I gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le hiomaíocht, féadfaidh Páirtí Conarthach nó Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh a chinneadh, ar bhonn cás ar chás, gan idirdhealú, go mbeidh seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta do phaisinéirí de bhóthar a bhfuil áit tionscnaimh agus ceann scríbe na seirbhíse sin ar a gcríoch, go mbeidh na seirbhísí sin faoi réir socruithe comhpháirtíochta idir oibreoirí atá bunaithe sa Pháirtí Conarthach nó i mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh ina mbeidh tionscnamh agus ceann scríbe na seirbhíse sin.

Maidir le hoibreoirí atá bunaithe sna Páirtithe Conarthacha nó i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a dtrasnaíonn an tseirbhís iad ar bhealach na seirbhíse agus i gcás ina mbailítear paisinéirí agus a scaoiltear amach iad, beidh sé de cheart ag na hoibreoirí sin páirt a ghlacadh sna comhpháirtíochtaí sin, má chinneann siad amhlaidh.

Na Páirtithe Conarthacha agus na Ballstáit den Aontas Eorpach lena mbaineann, cuirfidh siad ar an eolas an Comhchoiste a bunaíodh in Airteagal 18 den Phrótacal sin faoi aon chinneadh den chineál sin a rinneadh agus na réasúnuithe a bhaineann leo.

6. I gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le hiomaíocht, féadfaidh oibreoirí, ar bhonn deonach, teacht le chéile i gcomhpháirtíochtaí chun seirbhísí tráthrialta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a chur i gcrích. Féadfaidh na hoibreoirí seo a leanas a bheith rannpháirteach sna comhpháirtíochtaí sin:

(a) oibreoirí atá bunaithe sna Páirtithe Conarthacha nó i mBallstát den Aontas Eorpach ina bhfuil áit tionscnaimh nó ceann scríbe na seirbhíse;

(b) oibreoirí atá bunaithe sna Páirtithe Conarthacha nó i mBallstáit den Aontas Eorpach a dtéann an tseirbhís trasna iontu ar an mbealach agus ina mbeidh paisinéirí á mbailiú agus á scaoileadh amach.

# ROINN V

## FORÁLACHA SÓISIALTA, CUSTAIM AGUS FIOSCACHA

*Airteagal 7*

Roinn V (forálacha sóisialta) agus Roinn VI (forálacha custaim agus fioscacha) Chomhaontú Interbus, beidh feidhm acu maidir leis an bPrótacal sin.

# ROINN VI

## ÚDARÚ LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ TRÁTHRIALTA IDIRNÁISIÚNTA AGUS SEIRBHÍSÍ TRÁTHRIALTA SPEISIALTA

*Airteagal 8*

**Cineál an údaraithe**

1. Is é údarás inniúil an Pháirtí Conarthaigh a eiseoidh údaruithe le haghaidh seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta do phaisinéirí, an Páirtí Conarthach a bhfuil an t-oibreoir iompair bunaithe ina gcríoch (dá ngairtear "údarás um údarú" anseo feasta).

2. I gcás oibreora atá bunaithe san Aontas Eorpach, is é an t-údarás um údarú a bheidh ina údarás inniúil sa Bhallstát tionscnaimh nó sa cheann scríbe.

3. I gcás grúpa oibreoirí a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a oibriú agus i gcás comhpháirtíochta idir gnóthais (oibreoirí) ó dhá Pháirtí Chonarthacha ar a laghad a mbailítear paisinéirí agus a scaoiltear amach iad ar a gcríoch, is é an t-údarás um údarú a bheidh ina údarás inniúil a bhfuil an t-iarratas dírithe air i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 9(1).

4. Is in ainm an iompróra a eiseofar na húdaruithe agus beidh siad neamhinaistrithe. Féadfaidh oibreoir a bhfuil údarú faighte aige, áfach, le toiliú an údaráis um údarú, an tseirbhís a oibriú trí fhochonraitheoir, má tá a leithéid i gcomhréir le dlí an Pháirtí Chonarthaigh. Sa chás sin déanfar ainm an fhochonraitheora sin agus a ról a chur in iúl san údarú. Comhlíonfaidh an fochonraitheoir na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagail 1, 4, 5 agus, maidir le forálacha sóisialta, in Airteagal 7, agus in Iarscríbhinní 1 agus 2 freisin.

I gcás grúpa oibreoirí a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a oibriú, eiseofar an t-údarú in ainmneacha na ngnóthas uile sa ghrúpa agus luafar leis ainmneacha uile na n-oibreoirí. Tabharfar é don ghnóthas a d'iarr é, gnóthas a bhfuil na hoibreoirí eile curtha ar a iontaoibh chun na gcríoch sin, agus tabharfar cóipeanna dílse deimhnithe do na gnóthais eile.

I gcás comhpháirtíochta, eiseofar bunchóipeanna an údaraithe do gach gnóthas comhpháirtíochta, agus luafar ainm gach gnóthas san údarú.

I gcásanna ina bhfuil seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta curtha i gcrích ag grúpa nó comhpháirtíocht, mar a thagraítear sa dara agus sa tríú fomhír, fágfar faoi rogha na n-oibreoirí iad féin an cinneadh maidir leis an bhforoinnt iarbhír ar fheidhmíocht tráchta idir na hoibreoirí rannpháirteacha.

5. Ní rachaidh tréimhse bhailíochta an údaraithe thar cúig bliana. Féadfar é a shocrú ag téarma níos giorra ar iarratas ón iarratasóir nó le toiliú frithpháirteach údaráis inniúla stáit na bPáirtithe Conarthacha a mbailítear paisinéirí agus a scaoiltear amach iad ar a gcríocha.

6. Sonrófar an méid a leanas leis na húdaruithe:

(a) an cineál seirbhíse;

(b) bealach na seirbhíse, ag tabhairt le fios go háirithe an pointe imeachta agus an pointe is ceann scríbe;

(c) tréimhse bhailíochta an údaraithe;

(d) na stadanna agus an t-amchlár.

7. Beidh na húdaruithe i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn 4.

8. Faoi réir Airteagal 1(2), tabharfaidh údaruithe teideal dá sealbhóir nó dá sealbhóirí seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus/nó seirbhísí tráthrialta speisialta a oibriú i gcríocha na mBallstát uile a rachaidh bealaí na seirbhíse tríothu.

9. Féadfaidh oibreoir seirbhíse tráthrialta nó seirbhíse tráthrialta speisialta feithiclí breise a úsáid chun déileáil le himthosca sealadacha agus eisceachtúla. Ní fhéadfar na feithiclí breise sin a úsáid ach faoi na coinníollacha céanna arna leagan amach san údarú dá dtagraítear i mír 6.

Sa chás sin, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 15, áiritheoidh an t-oibreoir go n-iomprófar san fheithicil cóip den chonradh idir oibreoir na seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta nó na seirbhísí tráthrialta speisialta agus an gnóthas a sholáthraíonn na feithiclí breise nó doiciméad coibhéiseach, agus go dtabharfar é don oifigeach cigireachta údaraithe arna iarraidh sin dó.

### *Airteagal 9*

### Iarratas ar údarú a thíolacadh le haghaidh seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta

1. Cuirfidh an t-oibreoir iarratais ar údarú do sheirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta faoi bhráid a údaráis inniúil um údarú.

Ní chuirfear isteach ach aon iarratas amháin le haghaidh gach seirbhís. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 8(3), is é an t-oibreoir ar cuireadh na hoibreoirí eile ar a iontaoibh chun na gcríoch sin a chuirfidh isteach é.

Díreofar an t-iarratas ar an údarás um údarú de chuid an Pháirtí Chonarthaigh ina bhfuil an t-oibreoir atá á chur isteach bunaithe.

2. Cuirfear isteach iarratais ar údarú ar bhonn na samhla a leagtar amach in Iarscríbhinn 3.

3. Cuirfidh na daoine atá ag déanamh iarratais ar údarú aon fhaisnéis bhreise a mheasann siad a bheith ábhartha nó aon fhaisnéis a iarrfaidh an t-údarás um údarú orthu, go háirithe na doiciméid a liostaítear in Iarscríbhinn 3.

*Airteagal 10*

**Nós imeachta um údarú**

1. Eiseofar údaruithe le comhaontú na n-údarás inniúla sna Páirtithe Conarthacha uile a mbailítear paisinéirí agus a scaoiltear amach iad ina gcríocha. Cuirfidh an t-údarás um údarú ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla sin, agus chuig údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha a dtrasnaítear a gcríocha gan paisinéirí a bhailiú ná scaoileadh amach, cóip den iarratas maille le cóipeanna d'aon doiciméadacht ábhartha eile agus an measúnú a rinneadh.

Maidir leis an Aontas Eorpach, is iad na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír údaráis inniúla na mBallstát ina mbailítear paisinéirí nó ina scaoiltear amach iad ina gcríocha agus a dtrasnaítear a gcríocha gan paisinéirí a bhailiú ná a scaoileadh amach.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha ar iarradh orthu teacht ar chomhaontú a gcinneadh maidir leis an iarratas in iúl don údarás um údarú laistigh de ceithre mhí. Ríomhfar an teorainn ama sin ó dháta fhála an iarratais ar chomhaontú, dáta atá ar taispeáint san admháil go bhfuarthas an t-iarratas. Más cinneadh diúltach an cinneadh a gheofar ó údaráis inniúla an Pháirtí Chonarthaigh ar iarradh a gcomhaontú orthu, beidh ráiteas cuí ar na cúiseanna ann. Mura mbeidh freagra faighte ag an údarás um údarú laistigh de ceithre mhí, measfar comhaontú a bheith faighte ó na húdaráis inniúla a ndeachthas i gcomhairle leo agus féadfaidh an t-údarás um údarú an t-údarú a dheonú.

Údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha a dtrasnaítear a gcríocha gan paisinéirí a bhailiú ná a scaoileadh amach iontu, féadfaidh siad an t-údarás um údarú a chur ar an eolas maidir lena mbarúlacha laistigh den teorainn ama a leagfar síos sa chéad fhomhír.

3. Déanfaidh an t-údarás um údarú cinneadh maidir leis an iarratas tráth nach déanaí ná sé mhí ón dáta a gcuirfidh an t-iompróir an t-iarratas faoina bhráid[5].

4. Deonófar údarú ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) mura bhfuil an t-iarratasóir in ann an tseirbhís is ábhar don iarratas a chur ar fáil le trealamh atá díreach ar fáil dó;

(b) murar chomhlíon an t-iarratasóir an reachtaíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta maidir le hiompar de bhóthar, agus go háirithe na coinníollacha agus na ceanglais a bhaineann le húdaruithe le haghaidh seirbhísí idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar, nó má tá sáruithe tromchúiseacha déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht an Pháirtí Chonarthaigh maidir le hiompar de bhóthar, go háirithe i dtaca leis na rialacha is infheidhme ar fheithiclí agus ar thréimhsí tiomána agus ar thréimhsí sosa tiománaithe;

(c) i gcás iarratais ar athnuachan údaraithe, mura bhfuil coinníollacha an údaraithe comhlíonta aige;

---

[5] San Airteagal sin tagraítear d' "oibreoirí" mar "iompróirí" freisin.

(d) má chinneann Páirtí Conarthach ar bhonn mionanailíse go ndéanfadh an tseirbhís lena mbaineann difear tromchúiseach d'inmharthanacht seirbhíse inchomparáide a chumhdaítear le conradh seirbhíse poiblí amháin nó níos mó ná sin a chomhlíonfar reachtaíocht an Pháirtí Chonarthaigh maidir leis na stiallacha díreacha de bhóthar lena mbaineann. Sa chás sin, déanfaidh an Páirtí Conarthach critéir a chur ar bun, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, lena chinneadh cé acu an ndearna an tseirbhís ar cuireadh iarratas isteach ina leith difear d'inmharthanacht na seirbhíse inchomparáidí thuasluaite agus cuirfidh an Páirtí Conarthach na critéir sin in iúl do na Páirtithe Conarthacha eile dá dtagraítear in Airteagal 10(1);

(e) má chinneann Páirtí Conarthach ar bhonn mionanailíse nach é príomhchuspóir na seirbhíse paisinéirí a iompar idir stadanna atá suite i bPáirtithe Conarthacha éagsúla.

Má tá seirbhís idirnáisiúnta cóiste agus bus atá ann cheana ag déanamh difear tromchúiseach d'inmharthanacht seirbhíse inchomparáidí a chumhdaítear le conradh seirbhíse poiblí amháin nó níos mó ná sin a chomhlíonann dlí an Pháirtí Chonarthaigh maidir leis na stiallacha díreacha de bhóthar lena mbaineann, de bharr cúiseanna eisceachtúla nach bhféadfaí coinne a bheith leo nuair a deonaíodh an t-údarú, féadfaidh Páirtí Conarthach, le comhaontú na bPáirtithe Conarthacha eile dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an t-údarú chun seirbhís idirnáisiúnta cóiste agus bus a reáchtáil a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i ndiaidh fógra sé mhí a thabhairt don iompróir.

Má tá na praghsanna a bheidh á dtairiscint ag iompróir níos ísle ná na praghsanna a mbeidh á dtairiscint ag iompróirí eile de bhóthar nó má tá an nasc atá i gceist á oibriú cheana ag iompróirí eile de bhóthar, ní údar an méid sin ann féin leis an iarratas a dhiúltú.

5. Ní fhéadfaidh an t-údarás um údarú agus na húdaráis inniúla sna Páirtithe Conarthacha uile a bhaineann leis an nós imeachta chun teacht ar chomhaontú dá bhforáiltear i mír 1 iarratais a dhiúltú ach amháin ar bhonn na gcúiseanna dá bhforáiltear sa Phrótacal sin.

6. Tar éis an nós imeachta a leagtar síos i mír 1 go mír 5 a chur i gcrích, deonóidh an t-údarás um údarú an t-údarú nó diúltóidh sé an t-iarratas go foirmiúil.

I gcinntí lena ndiúltaítear d'iarratas, luafar na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go dtabharfar an deis do ghnóthais iompair uiríll a dhéanamh i gcás go ndiúltófar dá n-iarratas.

Cuirfidh an t-údarás um údarú a chinneadh in iúl do na húdaráis inniúla uile dá dtagraítear i mír 1, trí chóip d'aon údarú a sheoladh chucu.

*Airteagal 11*

**Údarú a athnuachan agus a athrú**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 10, *mutatis mutandis*, maidir le hiarratas ar athnuachan nó ar athrú ar na coinníollacha faoina gcaithfear na seirbhísí atá faoi réir údaraithe a chur i gcrích.

2. I gcás ina ndéanfar mionathrú ar na dálaí oibríochta, go háirithe coigeartú ar eatraimh, ar tháillí agus ar thráthchláir, ní bheidh ar an údarás um údarú ach faisnéis maidir leis an athrú a thabhairt do na Páirtithe Conarthacha eile lena mbaineann. Ní mheasfar gur mionathrú é na tráthchláir nó na heatraimh a athrú ar bhealach a dhéanfaidh difear d'uainiú rialuithe ag na teorainneacha idir na Páirtithe Conarthacha nó ag teorainneacha tríú tír.

3. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann a chomhaontú gurb é an t-údarás um údarú amháin a chinnfidh athruithe ar na coinníollacha faoina mbeidh seirbhís á hoibriú.

*Airteagal 12*

**Dul i léig d'údarú**

1. Rachaidh údarú le haghaidh seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhíse tráthrialta speisialta i léig ag deireadh a thréimhse bailíochta nó trí mhí tar éis don údarás um údarú fógra a fháil ón sealbhóir go bhfuil sé beartaithe aige nó aici an tseirbhís a tharraingt siar. Áireofar ráiteas cuí ar chúiseanna i bhfógra den chineál sin.

2. Nuair nach bhfuil éileamh ann níos mó ar sheirbhís, beidh tréimhse aon mhí amháin i gceist leis an bhfógra dá bhforáiltear i mír 1.

3. Cuirfidh an t-údarás um údarú in iúl do na húdaráis inniúla sna Páirtithe Conarthacha eile lena mbaineann go bhfuil an t-údarú imithe i léig.

4. Tabharfaidh sealbhóir an údaraithe fógra d'úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann faoina tarraingt siar aon mhí amháin roimh ré trí mheán poiblíochta iomchuí.

*Airteagal 13*

**Oibleagáidí na n-oibreoirí iompair**

1. Ach amháin i gcás *force majeure*, seolfaidh oibreoir seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhíse tráthrialta speisialta an tseirbhís gan mhoill agus, go dtí go dtéann an t-údarú in éag, glacfaidh an t-oibreoir na bearta uile is gá lena ráthú go mbeidh seirbhís iompair ann a chomhlíonfaidh na caighdeáin a bhaineann le leanúnachas, le tráthrialtacht agus le hacmhainn agus go gcomhlíonfaidh an tseirbhís na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(6).

2. Cuirfidh an t-iompróir ar taispeáint bealach na seirbhíse, na stadanna bus, an tráthchlár, na táillí agus na coinníollacha iompair ar bhealach a áiritheoidh go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil go héasca do na húsáideoirí uile.

3. Beidh na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann in ann athruithe a dhéanamh ar na dálaí oibríochta lena rialaítear seirbhís tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhís tráthrialta speisialta, trí chomhaontú comhchoiteann agus i gcomhaontú le sealbhóir an údaraithe.

## ROINN II

### FORÁLACHA LENA mBEARTAÍTEAR COMHLÍONADH AN PHRÓTACAIL SEO A ÁIRITHIÚ

*Airteagal 14*

Áiritheoidh na húdaráis inniúla sna Páirtithe Conarthacha go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí iompair forálacha an Phrótacail sin.

*Airteagal 15*

1. Gan dochar d'Airteagal 8(9), coinneofar ar an gcóiste nó ar an mbus an t-údarú nó cóip dhílis dheimhnithe de chun seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a chur i

gcrích maille le ceadúnas oibreora an oibreora nó cóip dhílis dheimhnithe de le haghaidh iompar idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar dá bhforáiltear i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta nó reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus tabharfar na doiciméid sin don oifigeach cigireachta údaraithe arna n-iarraidh sin dó.

2. Gan dochar do mhír 1 agus d'Airteagal 8(9), i gcás seirbhíse tráthrialta speisialta, an conradh idir an t-eagraí agus an t-oibreoir iompair nó cóip de chomh maith le doiciméad lena bhfianaítear gur catagóir shonrach atá sna paisinéirí, d'eisiamh paisinéirí eile chun críocha seirbhíse tráthrialta speisialta, feidhmeoidh na doiciméid sin mar dhoiciméid rialuithe, coinneofar san fheithicil iad agus tabharfar iad don oifigeach cigireachta údaraithe arna n-iarraidh sin dó.

## ROINN VIII

### FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 16*

**Ré an Phrótacail – Meastóireacht ar fheidhmiú an Phrótacail**

1. Tabharfar an Prótacal seo i gcrích go ceann tréimhse cúig bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

2. Déanfar ré an Phrótacail sin a fhadú go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhleanúnacha cúig bliana le haghaidh na Páirtithe Conarthacha sin nach gcuireann a mian in iúl gan déanamh amhlaidh. Sa dara cás, tabharfaidh an Páirtí Conarthach lena mbaineann fógra don Taiscí maidir lena bhfuil beartaithe aige de réir Airteagal 31 de Chomhaontú Interbus.

3. Roimh dheireadh gach tréimhse cúig bliana, déanfaidh an Comhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 18 den Phrótacal sin meastóireacht ar fheidhmiú an Phrótacail sin, maille le meastóireacht ar Chomhaontú Interbus é féin, más féidir.

*Airteagal 17*

**Comhaontuithe déthaobhacha, daingniú nó formheas agus Taiscí an Phrótacail, teacht i bhfeidhm an Phrótacail, séanadh agus teangacha**

1. Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 25, 27. 28. 31 agus 34 de Chomhaontú Interbus *mutatis mutandis* maidir leis an bPrótacal sin, faoi réir na coigeartuithe seo a leanas:

(a) cuirfear "trí" agus "an tríú" faoi seach in ionad na n-uimhreacha "ceathrar" agus "an ceathrú" a luaitear in Airteagal 28(1) de Chomhaontú Interbus;

(b) tiocfaidh an Prótacal sin i bhfeidhm, le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha a shínigh agus a d'fhormheas nó a dhaingnigh é, ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh na míosa ina mbeidh a n-ionstraimí formheasa nó daingniúcháin taiscthe le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag trí Pháirtí Chonarthacha, lena n-áirítear an tAontas.

2. Cuirfear forálacha an Phrótacail sin in ionad forálacha ábhartha sin na gcomhaontuithe a tugadh i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha agus idir Páirtithe Conarthacha agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

D'ainneoin Airteagal 25 de Chomhaontú Interbus, féadfaidh forálacha ábhartha comhaontuithe atá ann cheana idir na Páirtithe Conarthacha agus idir na Páirtithe Conarthacha agus Ballstáit an Aontas Eorpaigh a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse cúig bliana dá dtagraítear in Airteagal 8(5) arna ríomh ó theacht i bhfeidhm an Phrótacail le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha lena mbaineann.

*Airteagal 18*

**Comhchoiste**

1. Chun bainistiú an Phrótacail sin a éascú, leis seo bunófar Comhchoiste. Beidh an Coiste sin comhdhéanta d'ionaduithe na bPáirtithe Conarthacha.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 23 agus 24 de Chomhaontú Interbus.

*Airteagal 19*

**Aontachas Páirtí Conarthach don Aontas Eorpach nach Páirtí Conarthach den Aontas Eorpach é**

1. Cuirfear an Comhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 18 ar an eolas faoi aon iarraidh a dhéanfaidh Páirtí Conarthach nó aon tríú Stát chun bheith ina chomhalta den Aontas Eorpach.

2. Cuirfidh an tAontas Eorpach na Páirtithe Conarthacha ar an eolas faoi aon aontachas Páirtí Conarthach don Aontas.

3. Páirtí Conarthach sa Phrótacal sin a d'aontaigh don Aontas Eorpach, caithfear leis mar Bhallstát den Aontas Eorpach seachas mar Pháirtí Conarthach ar leith sa Phrótacal sin ó dháta an aontachais sin.

4. Scrúdóidh na Páirtithe Conarthacha tionchar aontachais den chineál sin ar an bPrótacal seo i gcomhthéacs an Chomhchoiste. Cinnfidh an Comhchoiste aon choigeartú is gá nó beartais idirthréimhseacha ina leith sin.

*Airteagal 20*

**Síniú**

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú sa Bhruiséil in Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, a ghníomhóidh mar Thaiscí an Phrótacail, le haghaidh tréimhse dhá bhliain ag tosú ón dáta a nglacfar Cinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le síniú an Phrótacail sin ag an Aontas Eorpach. Cuirfidh an Taiscí an dáta sin in iúl do na Páirtithe Conarthacha uile in am trátha.

2. Ní féidir ach Páirtithe Conarthacha i gComhaontú Interbus an Prótacal sin a shíniú, aontú dó nó a dhaingniú. Déanfar ionstraimí sínithe, aontachais nó daingniúcháin a thaisceadh leis an Taiscí agus cuirfidh an Taiscí an méid sin in iúl do na Páirtithe Conarthacha.

*Airteagal 21*

**Aontachas**

Tar éis don Phrótacal sin teacht i bhfeidhm, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach i gComhaontú Interbus aontú freisin don Phrótacal sin.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 30(3) agus (4) de Chomhaontú Interbus.

*Airteagal 22*

**Iarscríbhinní**

Is cuid dhílis den Phrótacal sin iad na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

*Airteagal 23*

**Ionadú an Phrótacail roimhe sin**

Cuirtear an Prótacal sin in ionad an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019. Ní bheidh aon stádas dlí a thuilleadh ag an bPrótacal roimhe sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Phoblacht na hAlbáine

Thar ceann na Boisnia agus na Heirseagaivéine

Thar ceann Phoblacht na Moldóive

Thar ceann Mhontainéagró

Thar ceann Phoblacht na Macadóine Thuaidh

Thar ceann Phoblacht na Túinéise

Thar ceann na hÚcráine

## IARSCRÍBHINN 1

**Na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le hoibreoirí iompair paisinéirí de bhóthar**

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir le an Phrótacail sin faoi réir na nithe seo a leanas:

Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch 51), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh 517/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 (IO L 158, 10.6.2013, lch 1), beidh feidhm ag an Rialachán sin i leith an Phrótacail sin cé is moite de Airteagal 16(5) go (7), maille le hAirteagail 18 go 21, 23, agus 25 go 28. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag cearta agus oibleagáidí Bhallstát an Aontais Eorpaigh maidir leis na Páirtithe Conarthacha.

Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch 1), beidh feidhm ag Rialachán sin maidir leis an bPrótacal sin cé is moite d'Airteagal 3(a) agus (b), an dá abairt dheireanacha d'Airteagal 12, Airteagal 18, Airteagal 28(2), Airteagail 29 agus 30, an abairt dheireanach d'Airteagal 31, agus Airteagal 32. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag cearta agus oibleagáidí Bhallstát an Aontais Eorpaigh maidir leis na Páirtithe Conarthacha.

________________

## IARSCRÍBHINN 2

**Caighdeáin theicniúla a bhfuil feidhm acu maidir le busanna agus cóistí**

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir leis an Phrótacail sin.

________________

## IARSCRÍBHINN 3

**Samhail d'iarratas ar údarú le haghaidh seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhíse tráthrialta speisialta**

(Páipéar Bán – DIN A4)

| (Le bheith i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla nó i gceann de theangacha oifigiúla an Pháirtí Chonarthaigh ina bhfuil an t-iarratas á déanamh) |
|---|

### FOIRM IARRATAIS AR ÚDARÚ NÓ AR ATHNUACHAN ÚDARAITHE CHUN SEIRBHÍS TRÁTHRIALTA IDIRNÁISIÚNTA NÓ SEIRBHÍS TRÁTHRIALTA SPEISIALTA IDIRNÁISIÚNTA A CHUR I gCRÍCH([1])

Chun tús a chur le seirbhís tráthrialta □

Chun tús a chur le seirbhís tráthrialta speisialta □

Chun údarú le haghaidh seirbhíse a athnuachan □

Chun coinníollacha a athrú a ghabhann le húdarú le haghaidh seirbhíse □

curtha i gcrích de chóiste agus de bhus idir Páirtithe Conarthacha i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus).

…………………………………………………………………………………………………........

(An t-údarás um údarú)

1. Ainm agus céadainm nó trádainm an oibreora iarratasóra; i gcás iarratais ó ghrúpa oibreoirí nó ó chomhpháirtíocht, ainm an oibreora ar chuir na hoibreoirí eile ar a iontaoibh chun críocha an t-iarratas a chur isteach:

…………………………………………………………………………………………………........

…………………………………………………………………………………………………........

2. Seirbhísí chun cur i gcrích ([1])

Arna dhéanamh ag oibreoir □ ag grúpa oibreoirí □ trí chomhpháirtíocht □ ag fochonraitheoir □

3. Ainmneacha agus seoltaí an oibreora nó, i gcás grúpa oibreoirí nó comhpháirtíochta, ainmneacha oibreoirí uile an ghrúpa nó na comhpháirtíochta; chomh maith leis sin, aithneofar aon fhochonraitheoirí lena n-ainmneacha([2])

3.1. ………………………………………………..………. teil. ……………………….…….…

3.2. ………………………………………………..….…. teil. ……………………….……….

3.3. ……………………………………………………....... teil. …………………….....….…

3.4. ………………………………………………….... teil. ……………………......…

[1] Cuir tic nó comhlánaigh mar is iomchuí.

[2] Ceangail liosta más infheidhme.

(An dara leathanach den iarratas ar údarú nó ar athnuachan údaraithe)

4. I gcás seirbhís tráthrialta speisialta:

4.1. Catagóir paisinéirí:([3]) oibrithe □ daltaí scoile/mic léinn □ eile □

5. Fad an údaráis arna iarraidh nó dáta a chuirfear deireadh leis an tseirbhís:

…………………………………………………………………………………………………........

6. Príomhbhealach na seirbhíse (folínigh pointí bailithe agus pointí scaoilte amach paisinéirí, le seoltaí iomlána):([4])

…………………………………………………………………………………...……….........

..……………………………………………………………………………………….............

………………………………………………………………………………………….............

7. Tréimhse oibríochta: …………………………………………………………………….…….

…………………………………………………………………………………………..……….....

…………………………………………………………………………………………..……….....

8. Minicíocht (laethúil, seachtainiúil, etc.): ………………………………………………………...…….

9. Táillí ……………………………………… Iarscríbhinn i gceangal leis seo.

10. Cuir sceideal tiomána faoi iamh chun fíorú ar chomhlíonadh rialacha idirnáisiúnta maidir le tréimhsí tiomána agus sosa a cheadú.

11. Líon na n-údaruithe nó na gcóipeanna dílse deimhnithe d'údaruithe a iarradh: ( [5])

………………………………………………………………………………………………….........

12. Aon eolas breise:

…………………………………………………………………………………………………........…….

(Áit agus dáta) (Síniú an iarratasóra)

………………………………………………………………………………………………………….

Tarraingítear aird an iarrthóra ar an ngá atá ann, os rud é nach mór an t-údarú nó an chóip dhílis dheimhnithe de a choinneáil ar bord na feithicle, ní mór do líon na n-údaruithe nó líon na gcóipeanna dílse deimhnithe, arna n-eisiúint ag an údarás um údarú, agus ar gá an t-iarratasóir a bheith ina sheilbh aige, ní mór don líon sin teacht leis an líon feithiclí is gá chun an tseirbhís a iarradh san am céanna.

**Fógra tábhachtach**

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ceangailte leis an iarratas:

(a) an tráthchlár lena n-áirítear na sliotáin ama le haghaidh rialuithe ag trasnuithe teorann ábhartha;

(b) cóip dhílis dheimhnithe de cheadúnas (nó de cheadúnais) an oibreora (nó na n-oibreoirí) le haghaidh iompar idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar dá bhforáiltear i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta nó reachtaíocht an Aontais;

(c) mapa ar scála iomchuí a mbeidh an bealach marcáilte air agus na pointí stad ag a mbaileofar paisinéirí nó a scaoilfear amach iad;

(d) sceideal tiomána chun fíorú ar chomhlíonadh rialacha idirnáisiúnta maidir le tréimhsí tiomána agus sosa a cheadú;

(e) aon fhaisnéis iomchuí maidir le críochfoirt chóiste agus bus.

---

[3] Cuir tic nó comhlánaigh mar is iomchuí.

[4] Féadfaidh an t-údarás um údarú a iarraidh go gcuirfí liosta iomlán de phointí bailithe agus scaoilte amach paisinéirí le seoltaí iomlána le bheith ceangailte ar leithligh den fhoirm iarratais.

[5] Comhlánaigh de réir mar is cuí.

## IARSCRÍBHINN 4

**Samhail d'údarú le haghaidh seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhíse tráthrialta speisialta**

(An chéad leathanach den údarú)

(Páipéar flannbhuí – DIN A4)

| (Le bheith i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla nó i gceann de theangacha oifigiúla an Pháirtí Chonarthaigh ina bhfuil an t-iarratas á déanamh) |
|---|

# Údarú

I gcomhréir leis an bPrótacal maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, idir Páirtithe Conarthacha, sa Chomhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus).

AN STÁT EISIÚNA: ………………………………………………………………………….…..

An t-údarás um údarú: ……………………………………………………………………….

Suaitheantas an Pháirtí Chonarthaigh: …………….([1])

**UIMH. an ÚDARAITHE:** ……………………………...

le haghaidh seirbhíse tráthrialta □([2])

le haghaidh seirbhíse tráthrialta speisialta □ ([2])

de chóiste agus de bhus idir Páirtithe Conarthacha sa Phrótacal maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (Prótacal a ghabhann le Comhaontú Interbus)

Go: ……………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………..

Sloinne, céad ainm nó trádainm an oibreora nó an oibreora bainistíochta i gcás grúpa gnóthas nó i gcás comhpháirtíochta:

Seoladh: ……………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………...

Guthán agus facs nó ríomhphost: …………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………..

(An dara leathanach den údarú)

---

1 An Albáin (AL), an Bheilg (B), an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (BIH), an Bhulgáir (BG), an Chipir (CY), an Chróit (HR), an Danmhairg (DK), an Eastóin (EST), Éire (IRL), an Fhionlainn (F), an Fhrainc (F), an Ghearmáin (D), an Ghréig (GR), an Iodáil (I), an Laitvia (LV), an Liotuáin (LT), Lucsamburg (L), an Mhacadóin Thuaidh (MK), Málta (MT), an Ostair (A), Poblacht na Moldóive (MD), Poblacht na Seice (CZ), Poblacht na Slóvaice (SK), an Pholainn (PL), an Phortaingéil (PT), an Rómáin (RO), an tSlóivéin (SLO), an Spáinn (E), an tSualainn (S), an Tuirc (TR), an Úcráin (UA), an Ungáir (H), an Ríocht Aontaithe (UK), le tabhairt i gcrích.

2 Cuir tic nó comhlánaigh mar is iomchuí.

Ainm, seoladh, guthán agus facs nó ríomhphoist an oibreora, nó, i gcás grúpaí oibreoirí nó comhpháirtíochtaí, ainmneacha oibreoirí uile an ghrúpa nó na comhpháirtíochta; chomh maith leis sin, ainmneacha aon fhochonraitheoirí, le sainaithint mar fhochonraitheoirí:

(1) ……………………………………………………………………………………………………

(2) ……………………………………………………………………………………………………

(3) ……………………………………………………………………………………………………

(4) ……………………………………………………………………………………………………

(5) ……………………………………………………………………………………………………

Liosta i gceangal, más iomchuí

Bailíocht an údaraithe: Ó: ………………………………. Go: ……………………………..……...

An áit agus an dáta eisiúna: ……………………………………………………………………………..

Síniú agus stampa an údaráis eisiúna nó na gníomhaireachta: ………………………………………………..

1. An Bealach: ……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………..:………………………..….

(b) Áit imeachta na seirbhíse: ………………………………...………………………………….

………………………………………………………………..............……………………………….....

(c) Ceann scríbe na seirbhíse: ……………….…………………………………………………..

……………………………………………………..……………………………………………….....

Príomhchúrsa taistil, le pointí bailithe agus scaoilte amach paisinéirí folínithe: ………………..……..…………

……………………………………………………………………………………………………………..

2. An tráthchlár: ………………………………………………………………………………………..….
(i gceangal leis an údarú seo)

3. Seirbhís tráthrialta speisialta:

(a) Catagóir paisinéirí: ……………………….……………….…….

…………………………….........................................................................

4. Coinníollacha eile nó pointí speisialta …..…………..................................................

...............................................................................................................

...............................................................................................................

Stampa an údaráis a bhfuil an t-údarú á eisiúint aige

**Fógra tábhachtach:**

(2) Tá an t-údarú seo bailí don turas iomlán.

(3) Coinneofar an t-údarú nó cóip dhílis arna deimhniú ag an údarás um údarú ar an bhfeithicil fad an turais agus tabharfar é d'oifigigh fhorfheidhmithe arna iarraidh sin dóibh.

(4) Is i gcríoch an Pháirtí Chonarthaigh ina bhfuil an t-oibreoir bunaithe agus ina bhfuil na cóistí agus na busanna cláraithe a bheidh an áit imeachta nó ceann scríbe.

(An tríú leathanach den údarú)

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

(1) Tosóidh an t-oibreoir iompair an tseirbhís iompair laistigh den tréimhse a shonrófar i gcinneadh an údaráis um údarú a dheonaíonn an t-údarú.

(2) Ach amháin i gcás *force majeure*, glacfaidh oibreoir seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhíse tráthrialta speisialta na bearta uile is gá lena ráthú go mbeidh seirbhís iompair ar fáil a chomhlíonfaidh na coinníollacha mar a shonrófar san údarú.

(3) Cuirfidh an t-iompróir an fhaisnéis faoin mbealach, na pointí stad, an tráthchlár, na táillí agus na coinníollacha iompair ar fáil go poiblí.

(4) Féadfaidh údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha lena mbaineann athruithe a dhéanamh ar na dálaí oibríochta lena rialaítear seirbhís tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhís tráthrialta speisialta, de chomhthoil a chéile agus i gcomhaontú le sealbhóir an údaraithe.

(5) Gan dochar do dhoiciméid a bhaineann leis an bhfeithicil agus leis an tiománaí (amhail deimhniú clárúcháin na feithicle agus ceadúnas tiomána), beidh na doiciméid seo a leanas ina ndoiciméid rialaithe faoin bPrótacal sin agus coinneofar iad san fheithicil agus tabharfar iad d'aon oifigeach cigireachta údaraithe arna n-iarraidh sin dó:

– an t-údarú nó cóip dhílis dheimhnithe de chun seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta a chur i gcrích;

– ceadúnas an oibreora nó cóip dhílis dheimhnithe de le haghaidh iompar idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar dá bhforáiltear de réir reachtaíocht náisiúnta nó reachtaíocht an Aontais;

– agus seirbhís tráthrialta idirnáisiúnta á hoibriú, an conradh idir an t-eagraí agus an t-oibreoir iompair nó cóip dhílis dheimhnithe de chomh maith le doiciméad lena bhfianaítear gur catagóir shonrach atá sna paisinéirí agus paisinéirí eile á n-eisiamh chun críocha seirbhísí tráthrialta speisialta;

– i gcás ina mbaineann oibreoir seirbhíse tráthrialta nó seirbhíse tráthrialta speisialta úsáid as feithiclí breise chun déileáil le cásanna sealadacha agus eisceachtúla, sa bhreis ar na doiciméid ábhartha thuasluaite, cóip den chonradh idir oibreoir na seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta nó na seirbhíse tráthrialta speisialta agus an gnóthas a chuireann na feithiclí breise ar fáil nó doiciméad coibhéiseach.

(An ceathrú leathanach den údarú)

**BREITHNITHE GINEARÁLTA** (ar lean.)

(6) Oibreoirí a oibríonn seirbhís tráthrialta idirnáisiúnta, seachas seirbhís tráthrialta speisialta, eiseoidh siad ticéid iompair lena ndeimhnítear cearta an phaisinéara atá le hiompar agus beidh an ticéad ina dhoiciméad rialaithe lena bhfianaítear tabhairt i gcrích an chonartha iompair idir an paisinéir agus an t-oibreoir iompair, bíodh siad ina gcearta aonair nó ina gcearta comhchoiteanna. Léireofar ar na ticéid, a d'fhéadfadh a bheith ina dticéid leictreonacha freisin:

(a) ainm an oibreora;

(b) na háiteanna imeachta agus cinn scríbe agus más infheidhme, an turas fillte;

(c) tréimhse bhailíochta an ticéid agus, más infheidhme, dáta agus am imeachta;

(d) praghas an turais.

Tabharfaidh an paisinéir ticéad an turais d'aon oifigeach iniúchta údaraithe, arna iarraidh sin dó.

(7) Iompróirí a oibreoidh seirbhísí iompair tráthrialta idirnáisiúnta nó seirbhísí tráthrialta speisialta paisinéirí, ceadóidh na hiompróirí sin gach cigireacht a bhfuil beartaithe léi a áirithiú go mbeidh na hoibríochtaí á stiúradh i gceart, go háirithe i dtaca le tréimhsí tiomána agus tréimhsí sosa agus sábháilteacht ar bhóithre agus astaíochtaí.